Focal id' Chluais.

A word in your ear. Nollag '10.

Stair faoin gCárta Nollag

Dhein Sir Henry Cole na céad chártaí Nollag tráchtála a choimisiúnú i Londain in 1843. Bhí sé ag obair faoi Rowland Hill idir 1837 agus 1840 nuair a oibríodar chun an Postas Pingine uilíoch agus an chéad stampa postais Penny Black a chur ar fáil. B'é John C. Horsley a dhear an cárta. Léirigh sé clann ag ceiliúradh na Nollag agus bhí teachtaireacht inscríofa "Nollaig Shona agus Athbhliain faoi Mhaise Duit." Díoladh na cártaí ar scilling amháin agus bhíodar mar só-earraí. Cé gur clóbhualadh 1,000 des na cártaí, is fíor-bheagán díobh atá ann anois. Díoladh ceann des na céad chártaí Nollag, a bhí coimisiúnaithe ag Sir Henry agus a seoladh chuig a sheanmháthair, ag ceant i gcóir £22,500. An bhliain dár gcionn díoladh níos mó ná 25,000 díobh. Le níos mó ná triocha bliain, bhí na Meiriceánaigh ag iompórtáil cártaí beannachta ó Shasana. In 1875 d'oscail Louis Prang, inimirceach Gearmánach go dtí Meiriceá, siopa liteagrafach agus d'fhoilsigh sé na céad chártaí Nollag Meiriceánacha. Bhí Prang ag táirgeadh níos mó ná 5 milliún cártaí Nollag in aghaidh na bliana. Tá alán dearthóirí cartaí Nollag fostaithe ag an táirgeoir mór Meiriceánach Hallmark agus cuireann siad cártaí Nollag nua amach gach séasúr. Tá na cártaí is coitianta seanaimsearach agus cumhach le radhairc saolú Chríost, radhairc sneachta agus Daidí na Nollag mór ramhar is cóta dearg agus bán á chaitheamh aige.

Oideas Pióg mionra : **Foinse: www.shamrock foods.ie**

Comhábhair: 200 gr plúr bán, 110 gr margairín, 25 gr plúr arbhair, 25 gr siúcra reoáin, 1/2 tsp noitmig, 2 buíocán, 1 spúnóg bhoird de shú líomóide, 1-2 spúnóg bhoird uisce, 1 próca mionra torthaí

Modh: **(1)** Dein an t-oigheann a réamhthéamh go 220°C/400°F/Gás 6
(2) Criathraigh an plúr, an plúr arbhair, an siúcra reoáin agus an noitmig isteach i mbabhla.
(3) Gearr an margairín ina gcnapáin agus cuimil isteach sa phlúr é go dtí go bhfuil cuma sprúille air
(4) Measc na buíocáin, an sú líomóide agus an t-uisce le chéile agus cuir na cómhábhair tirim leo.
(5) Dein é a mheascadh go maith chun taos daingean a dhéanamh.
(6) Fuaraigh ar feadh leath uair an chloig agus dein é a rolladh amach ansin.
(7) Gearr amach dhá ciorcal déag as an dtaos, thart ar 3 orlach ar thrastomhas, cuir isteach i múnlán borróg iad.
(8) Cuir spúnóg mionra isteach i ngach cheann. **(9)** Fluich na ciumhaiseanna den taos.
(10) Gearr amach dhá ciorcal déag as an dtaos atá níos lú ná na cinn eile (dhá orlach go leith ar thrastomhas) agus úsáid iad seo mar chlúdaigh ag brú le chéile go maith iad.
(11) Cuimil ubh buailte ar a mbarr agus cuir poill iontu le forc. Dein iad a bhácáil ar feadh 25-35 nóiméid.

An Lá a Thit an tÚll.

Cad iad na tréithe a bhaineann le duine ardéirime? I gcás Sir Isaac Newton, a rugadh Lá Nollag 1642, sé a bhí ag teastáil ná a fhiosracht iontach féin agus ionsaí ó bhulaí scoile. Scoláire lag ab ea é. Lá amháin thug bulaí sa rang buille dó. Duine ciúin de ghnáth ab ea Isaac ach sa chás seo bhí sé ar buile. Thug sé greasáil dá chomráidí scoile agus dhein sé cinneadh leis féin go n-éireodh sé níos fearr ná é leis an obair scoile. Go luath ina dhiaidh sin bhí Isaac mar an scoláire ab fhearr sa scoil. Chuaigh sé ar aghaidh go dtí an ollscoil i gCambridge agus chuir sé ionadh ar na hollúna lena bhua sa mhatamaitic. I 1666 tharla rud éigin a chur a ainm sna leabhair staire. Bhí Isaac ina shuí sa ghairdín ag machnamh ar an gcúis go raibh an ghealach ag gluaiseacht timpeall an domhain. Go tobann thit úll ón gcrann. Bhí Isaac ag iarraidh a dhéanamh amach an chúis gur thit rudaí i dtreo na talún in ionad i dtreo na spéire. Thuig sé ansin go raibh fórsa nó cumhacht ag an talamh rudaí a tharraingt chuige féin. Do ghlaoigh Newton domhantarraingt ar an bhfórsa seo. Lean sé ar aghaidh chun dlí na himtharraingthe uile a fhorbairt. Cheap sé an teileascóp chomh maith agus dhein sé staidéar ar na réaltaí. Trí chéad bliain ina dhiaidh sin scrúdaigh spásairí teoiricí Newton agus iad i spás. Ag smaoineamh siar thosnaigh sé seo go léir le bulaí scoile.

mfg-Meitheal Mhúscraí, Réidh na nDoirí, Maigh Chromtha, Co Chorcaí.
Tel: 026-45661. eolas@muscrai.ie

Séanadh: Tógaimíd an-aire taighde chun an t-eolas atá clóite anseo a fhíorú. Táimíd comh cinnte agus is féidir linn a bheith go bhfuil an t-eolas iniata cruinn agus fíor nuair a fhoilsíodh é. 'Sé an sprioc atá againn ná chun eolas tairbheach ginearálta a chur ar fáil do dhaoine. Ní féidir le MFG-Meitheal Mhúscraí freagracht a ghlacadh má tharlaíonn aon dochar dá bharr.

Scoraíocht na Nollag.

Beidh Scoraíocht na Nollag ar siúl in Óstán Ghobnatan ar an Déardaoin 16ú Nollaig agus beidh fáilte roimh léitheoirí uile Focal id' Chluais. Beidh béile blasta 3 chúrsa agus tae/caife ar fáil ann chomh maith le ceol, rince agus raifil. Beidh costas €15 air. Bheimis buíoch dá nglaofadh sibh orainn ag 026 45661 roimh an Aoine 10ú Nollaig chun áit a chur in áirithe.
Beidh taisteal ar fáil.

Cois Cille, Cill na Martra 026-40999.

Sceideal imeachtaí ag brath ar an aimsir.
Lón ar fáil ceithre lá ag 12.30in.
Caithfear áit a chur in áirithe roimh ré.
Taisteal ar fáil – Cuir glaoch ar 026-45661.
Suathaireacht, le coinne, 026 40999.
Reflexology (saor in aisce): Dé Céadaoin 15ú Nollaig. Seisiúin 20 nóiméid. Idir 11rn – 2in. Le coinne.
Le breis eolais a fháil glaoigh ar 40999.

Cuan Barra, Béal Átha'n Ghaorthaidh

Sceideal imeachtaí ag brath ar an aimsir.
Béilí, Dé Luain & Dé hAoine ag 12.30in.
Caithfear áit a chur in áirithe roimh ré.
Cuir glaoch ar Shiobhán/Lucy 087 1378099.
Taisteal ar fáil, 026-45661
Aisling Ní Laoire, Teiripeoir Scéimhe.
9ú Nollaig le coinne, Glaoigh ar 087 6579894.
Cosliacht, le coinne. Dáta le socrú.
Glaoigh ar Ann O Donovan 027 50340 / 086 3679761.
Dr Ken Harte gach Céadaoin 12.00 – 1.00 in.
Cártaí gach Déardaoin ag 9in.
Ranganna ceoil gach Máirt, 086 0866668.
Le breis eolais a fháil glaoigh ar 026 47777.

Ionad Lae, Baile Mhúirne

Sceideal imeachtaí ag brath ar an aimsir.
Béilí, Dé Céadaoin & Déardaoin ag 1:00in.
Caithfear áit a chur in áirithe roimh ré ag 026 40999.
Taisteal ar fáil – Cuir glaoch ar 026-45661.
Chiropodist: Beidh Jan Cumiskey i láthair san Ionad Lae i mBaile Mhúirne Dé Céadaoin 15ú Nollaig. Chun áit a chur in áirithe cuir glaoch ar 026 45559 / 087 7564860

Síogaithe Daidí na Nollag

Tá 4 síogaí ag obair go dian i gceárta ag déanamh bréagán Nollag. Is féidir leis an Síogaí Gorm 550 bréagán a dhéanamh in uair an chloig. Tá an Síogaí Dearg in ann 900 bréagán a dhéanamh in dhá uair an chloig agus tá an Síogaí Glas in ann 325 bréagán a dhéanamh i leathuair an chloig. Is féidir leis an gceathrú duine, an Síogaí Buí, 750 bréagán a dhéanamh in uair an chloig. Cén fhad a thógfaidh sé orthu 12,000 bréagán a dhéanamh?

Oíche chiúin

Oíche chiúin, oíche Mhic Dé,
Cách 'na suan, dís araon,
Dís is dílse 'faire le spéis,
Naíon beag gnaoigheal ceanán tais caomh,
Críost, 'na chodhladh go séimh,
Críost, 'na chodhladh go séimh.

Oíche chiúin, oíche Mhic Dé,
Aoirí ar dtús chuala 'n scéal,
Allelúia aingeal ag glaoch,
Cantain suairc i ngar is i gcéin,
Críost ár Slánaitheoir Féin,
Críost ár Slánaitheoir Féin

Eachtraí Stairiúla i Mí na Nollag.

1ú Nollaig 1956 – Bhuaigh Ronnie Delaney bonn óir ag na Cluichí Oilimpeacha i Melbourne.

18ú Nollaig 2002 – Cuireadh an chéad chuid den spuaic i mBaile Átha Cliath in áit.

20ú Nollaig 2000 – Ar an lá seo dhearbhaigh an Guinness Book of World Records gurb í ubh a bhí 8 orlach ar an ubh ba mhó ar domhan. Bhreith lacha darbh ainm di 'Queen Maeve'. Belcare a bhí inti agus ba le muintir Costello sa Ghaillimh í.

Liosta d'uimhreacha úsáideacha

Istigh leis an bhFocal id Chluais don mhí seo tá liosta d'uimhreacha úsáideacha, uimhreacha éigeandála ina measc. Ba chóir an bhileog seo a choimeád taobh leis an bhfhón i dtreo is go mbeidh sé éasca teacht air.

Freagraí ón mí seo caite.

Cleas Inchinne: Dhein se €20 ar an idirbheartaíocht.
Dúcheist Tapaidh: Cén t-am é?

Briseadh Curiarrachtaí na Nollag

Tá an Pléascóg Nollag is mó ar domhan 181 troigh, 11 orlach ar fhad agus 11 troigh 9 orlach ar airde. Deineadh san Astráil é agus tarraingíodh in ionad siopadóireachta i Sydney é ar an 16ú Nollaig 1998

Dar leo féin is é Bronner's Christmas Wonderland i Frankenmuth, Michigan an 'Siopa Nollag is mó ar domhan'. Tá an siopa ar chomhfhad le cúig pháirc peile go leith agus tá breis is 50,000 bronntanas ar díol ann.

Briseadh curiarracht domhanda nuair a chan 519 duine carúil Nollag i Nua Eabhrac i mí na Nollag 2003. Roimhe sin b'é 517 an líon is mó duine a bhí in aon ghrúpa amháin ag canadh carúl Nollag.